2026/2312

14.10.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2026/2312 ÓN gCOMHAIRLE

an 13 Deireadh Fómhair 2026

lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2012/642/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh 2012/642/CBES ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin ([1]), agus go háirithe Airteagal 6 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Deireadh Fómhair 2012, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2012/642/CBES.

(2) Mar thoradh ar mheastóireacht ar na cúinsí ábhartha, ba cheart dhá iontráil a scriosadh ó liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2012/642/CBES.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart, Cinneadh 2012/642/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2012/642/CBES i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 13 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

T. BYRNE

([1]) IO L 285, 17.10.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2012/642/oj.

IARSCRÍBHINN

Tá na hiontrálacha seo a leanas scriosta ón liosta a leagtar amach i Roinn A (‘Daoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagail 3 (1) agus 4(1)’) d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2012/642/CBES:

‘125. Mikail Safarbekovich GUTSERIEV;

258. Viktar Arkadzievich SHAUTSOU.’